Uimhir 10 *de* 2016

AN tACHT UM CHOIMISIÚN IMSCRÚDÚCHÁIN (CORPARÁID NA hÉIREANN UM RÉITEACH BAINC), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Mínithe
2. Cumhachtaí an Choimisiúin
3. Iarratas chun na hArd-Chúirte
4. Ceist dlí a tharchur chuig an Ard-Chúirt
5. Rannáin de chuid an Choimisiúin
6. Leachtaitheoir speisialta faoin Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013
7. Dífheidhmiú alt 118 d'Acht na gCuideachtaí, 1990
8. Leasú ar Acht 2004
9. Gearrtheideal agus tosach feidhme

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004 (Uimh. 23)

Acht na gCuideachtaí, 1990 (Uimh. 33)

An tAcht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013 (Uimh. 2)

Uimhir 10 *de* 2016

AN tACHT UM CHOIMISIÚN IMSCRÚDÚCHÁIN (CORPARÁID NA hÉIREANN UM RÉITEACH BAINC), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú breise i ndáil leis an gcoimisiún imscrúdúcháin arna bhunú leis an Ordú um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2015 (I.R. Uimh. 253 de 2015); chun na críche sin do leasú an Achta um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004 agus an Achta fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[27 *Iúil* 2016]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Mínithe

1. San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004;

ciallaíonn "Coimisiún" an coimisiún imscrúdúcháin arna bhunú leis an Ordú um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2015 (I.R. Uimh. 253 de 2015).

Cumhachtaí an Choimisiúin

2. (1) Féadfaidh an Coimisiún cibé orduithe agus cinntí a dhéanamh, agus cibé ordacháin a thabhairt, a mheasfaidh sé is gá chun críche a fheidhmeanna, agus beidh aige, i ndáil le horduithe agus cinntí den sórt sin a dhéanamh, agus i ndáil le hordacháin den sórt sin a thabhairt, gach uile chumhacht, ceart agus pribhléid a dhílsítear don Ard-Chúirt nó do bhreitheamh den Ard-Chúirt maidir le horduithe nó cinntí a dhéanamh, nó maidir le hordacháin a thabhairt.

(2) D'ainneoin alt 21 d'Acht 2004, maidir leis an gCoimisiún, i gcás go measfaidh sé gur gá faisnéis a nochtadh don Choimisiún chun a chumasú don Choimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ar faisnéis í—

(a) nach bhféadfaí, murach an t-alt seo, iallach a chur ar dhuine í a nochtadh de bhua dualgas rúndachta a bheith ann faoi aon achtachán nó riail dlí, nó

(b) lena mbaineann Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014[1],

féadfaidh sé iallach a chur ar aon duine an fhaisnéis sin a nochtadh nó aon doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis sin a thabhairt ar aird don Choimisiún agus, dá réir sin, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin nó aon doiciméad den sórt sin a ghlacadh i bhfianaise.

(3) San alt seo, folaíonn "doiciméad"—

(a) aon leabhar, taifead nó ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith, lena n-áirítear aon fhaisnéis a stóráiltear, a chothabháiltear nó a chaomhnaítear trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar í a stóráil, a chothabháil nó a chaomhnú i bhfoirm inléite, agus

(b) aon diosca, téip, fuaimrian nó feiste eile ina gcorpraítear faisnéis, fuaimeanna nó comharthaí ionas gur féidir (le cúnamh nó gan cúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh i bhfoirm inléite nó inchloiste.

Iarratas chun na hArd-Chúirte

3. Féadfaidh an Coimisiún iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordacháin i ndáil le comhlíonadh aon cheann d'fheidhmeanna an Choimisiúin.

Ceist dlí a tharchur chuig an Ard-Chúirt

4. Féadfaidh an Coimisiún aon cheist dlí i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna a tharchur chuig an Ard-Chúirt lena cinneadh.

Rannáin de chuid an Choimisiúin

5. (1) I gcás go bhfuil níos mó ná comhalta amháin ar an gCoimisiún, féadfaidh sé, aon uair a chinnfidh an cathaoirleach amhlaidh, gníomhú in dhá rannán nó níos mó a mbeidh cibé comhalta nó comhaltaí den Choimisiún a chinnfidh an cathaoirleach i ngach ceann díobh.

(2) Féadfaidh cathaoirleach an Choimisiúin, i ndáil le gach rannán de chuid an Choimisiúin—

(a) comhalta amháin den rannán a ainmniú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an rannán,

(b) na feidhmeanna sin de chuid an Choimisiúin a bheidh le comhlíonadh ag an rannán sin a chinneadh,

(c) na nithe ar i ndáil leo a chomhlíonfaidh an rannán na feidhmeanna sin a chinneadh, agus

(d) a cheangal ar an rannán tuarascáil maidir le fionnachtana an rannáin i ndáil leis na nithe sin a ullmhú.

(3) Déanfaidh rannán de chuid an Choimisiúin tuarascáil arna hullmhú aige de bhun ceanglas faoi *mhír (d) d'fho-alt (2)* a sholáthar do chathaoirleach an Choimisiúin agus measfar, chun gach críche, gurb é an Coimisiún a d'ullmhaigh an tuarascáil sin

[1]IO Uimh. L173, 12.06.2014, lch. 1

agus measfar gur fionnachtana de chuid an Choimisiúin na fionnachtana a bheidh sa tuarascáil.

(4) (a) Beidh ag rannán de chuid an Choimisiúin, d'fhonn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, gach uile chumhacht, ceart, pribhléid agus dualgas a dhílsítear don Choimisiún.

(b) Beidh ag cathaoirleach rannáin de chuid an Choimisiúin, d'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, gach uile chumhacht, ceart, pribhléid agus dualgas a dhílsítear do chathaoirleach an Choimisiúin.

(5) Mura féidir le cathaoirleach rannáin de chuid an Choimisiúin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, ar chúis ar bith, féadfaidh cathaoirleach an Choimisiúin comhalta eile den rannán a ainmniú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an rannán sin.

(6) Ní dhéanfaidh ainmniú faoi *fho-alt (5)* difear do bhailíocht aon ní a bheidh déanta roimh an ainmniú sin ag an rannán lena mbaineann nó ag cathaoirleach an rannáin sin arna ainmniú nó arna hainmniú roimh an ainmniú sin.

Leachtaitheoir speisialta faoin Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013

6. (1) D'ainneoin Acht 2013 nó aon achtachán nó riail dlí eile, déanfaidh an leachtaitheoir speisialta de réir gach ordacháin a thabharfaidh an Coimisiún don leachtaitheoir speisialta faoi Acht 2004 nó faoin Acht seo.

(2) Leasaítear alt 9 d'Acht 2013 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(2A) (a) Féadfaidh an tAire, d'fhonn a chumasú don Choimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ordachán a thabhairt don leachtaitheoir speisialta aon ghníomh den sórt sin a shonrófar san ordachán a dhéanamh nó staonadh óna dhéanamh.

(b) Féadfaidh ceanglas go ndéanfaidh an leachtaitheoir speisialta pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a tharscaoileadh a bheith in ordachán faoi mhír (a).

(c) Ní thabharfar ordachán lena mbaineann mír (b) mura n-iarrfaidh cathaoirleach an Choimisiúin amhlaidh agus mura gcuirfidh sé nó sí in iúl don Aire i scríbhinn gur deimhin leis nó léi—

(i) go bhfuil an t-ordachán riachtanach chun a chumasú don Choimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus

(ii) gurb é leas an phobail é an t-ordachán a thabhairt.

(d) San fho-alt seo, ciallaíonn 'Coimisiún' an coimisiún imscrúdúcháin arna bhunú leis an Ordú um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2015 (I.R. Uimh. 253 de 2015).".

(3) San alt seo—

ciallaíonn "Acht 2013" an tAcht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013;

tá le "leachtaitheoir speisialta" an bhrí chéanna atá leis in Acht 2013.

Dífheidhmiú alt 118 d'Acht na gCuideachtaí, 1990

7. Ní bheidh feidhm ag alt 118 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 ná ag aon achtachán nó riail dlí eile, lena ndéantar nochtadh faisnéise a thoirmeasc nó a shrianadh, maidir le faisnéis a nochtadh don Choimisiún.

Leasú ar Acht 2004

8. Leasaítear Acht 2004, a mhéid amháin a bhaineann sé leis an gCoimisiún—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "doiciméad", i bhfo-alt (1) d'alt 2:

> "tá le 'doiciméad' an bhrí a thugtar dó le *halt 2* den *Acht um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2016*;",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) d'alt 34:

"(1) Sula gcuirfidh sé an tuarascáil deiridh nó tuarascáil eatramhach faoi bhráid an Aire shonraithe, déanfaidh an Coimisiún (de réir bhrí an *Achta um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2016*) dréacht den tuarascáil, nó an chuid iomchuí den dréacht den tuarascáil, a chur chuig aon duine—

(a) a shainaithnítear sa dréacht den tuarascáil nó atá insainaitheanta uaidh, agus

(b) ar ina leith a dhéantar fionnachtain neamhfhabhrach sa dréacht den tuarascáil.".

Gearrtheideal agus tosach feidhme

9. (1) Féadfar an tAcht um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2016 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.